| | |
|---|---|
| 1. Cín Lae Jonathan Harker.<br>3 Bealtaine. Bistritz. | Diary of Jonathan Harker.<br>3 May. Bistritz. |
| 2. D'fhág mé München ar an gcéad lá de Bhealtaine agus bhain mé Vín amach go luath an mhaidin dár gcionn. | I left Munich on the first day of May and reached Vienna early the following morning. |
| 3. Déarfainn gur áit iontach í Búdaipeist, ón radharc breá a fuair mé uirthi ón traein, agus is trua nach raibh deis agam stopadh ann. | I would say that Budapest is an amazing place, from the great view I got of her from the train, and it's a pity that I didn't have the chance to stop there. |
| 4. Soir atá m'aghaidh i gcónaí, i dtreo Shléibhte Cairp, agus is mór an difríocht idir an tírdhreach seo agus tírdhreach Shasana. | East is my direction always, towards the Carpathian mountains, and great is the difference between this landscape and the landscape of England. |
| 5. Sular chrom mé ar an aistear seo, thug mé cuairt ar Mhúsaem na Breataine agus léigh mé a lán faoi stair na Trasalváine – nach fiáin diamhair an áit í. | Before I set out on this journey I visited the British Museum and I read a lot about the history of Transylvania – isn't it a wild and mysterious place. |
| 6. Ní raibh mé in ann teacht ar mhapa ceart den dúiche agus is cinnte nach bhfuil a fhios agam go beacht conas teacht ar Chaisleán Dracula. | I couldn't find a proper map of the area and it is certain that I don't know exactly how to reach Castle Dracula. |
| 7. Ba é an Cunta Dracula a d'ainmnigh an baile seo, Bistritz – ní mór dom an t-eolas uile a bhreacadh síos i dtreo is go mbeidh mé in ann an scéal iomlán a thabhairt do Mhína. | It was Count Dracula who named this town, Bistritz – I must jot down all the information in order that I can give the whole story to Mina. |
| 8. Codladh corrach a rinne mé aréir cé nach raibh aon easpa compoird orm. | I had a fitful sleep last night though I didn't have any lack for comfort. |
| 9. B'ait iad na taibhrimh a rinneadh dom agus ba ghlé, ar uaraibh: níorbh aon chabhair é an gadhar lasmuigh den fhuinneog agus é ag amhastrach go lá bán. | The dreams I saw were strange and vivid, at times: the dog outside the window was no help, barking until daylight. |

| Míonna na Bliana | Months of the Year | | Laethanta na Seachtaine | Days of the Week |
|---|---|---|---|---|
| Mí Eanáir | January | | Dé Domhnaigh | Sunday |
| Mí Feabhra | February | | Dé Luain | Monday |
| Mí na Márta | March | | Dé Máirt | Tuesday |
| Mí Aibreáin | April | | Dé Céadaoin | Wednesday |
| Mí na Bealtaine | May | | Déardaoin | Thursday |
| Mí an Mheithimh | June | | Dé hAoine | Friday |
| Mí Iúil | July | | Dé Sathairn | Saturday |
| Mí Lúnasa | August | | | |
| Mí Mheán Fómhair | September | | | |
| Mí Dheireadh Fómhair | October | | | |
| Mí na Samhna | November | | | |
| Mí na Nollag | December | | | |

1



| **a haon** | **number one** |
|---|---|
| súmaire / súmairí | vampire(s) |
| vaimpír / vaimpírí | vampire(s) |
| caisleán / caisleáin | castle(s) |
| an Rómáin | Romania |
| an Rómáinis | Romanian |
| an Trasalváin | Trannsylvania |
| fuil | blood |
| sciathán leathair | bat |

Cé atá sa phictiúr seo?
Who's in this picture?
Cad as do Dhracula?
Where is Dracula from?
Cad a itheann súmairí?
What do vampires eat?
Cén t-ainmhí inar féidir le Dracula athrú?
What animal can Dracula change into?

2



| **a dó** | **number two** |
|---|---|
| Búdaipeist | Budapest |
| an Ungáir | Hungary |
| an Ungáiris | Hungarian |
| abhainn | river |
| aibhneacha | rivers |
| droichead / droichid | bridge(s) |
| bád / báid | boat(s) |
| oileán / oileáin | island(s) |

Cén chathair atá sa phictiúr?
What city is in this picture?
Cén tír ina bhfuil sé?
What country is it in?
Cad is ainm don abhainn?
What's the name of the river?
Cad atá ar an abhainn?
What's on the river?

3



| **a trí** | **number three** |
|---|---|
| traein / traeineacha | train(s) |
| Alba | Scotland |
| na hAlban | of Scotland |
| in Albain | in Scotland |
| droichead / droichid | bridge(s) |
| gal | steam |
| crann / crainn | tree(s) |
| glas | green |

Cad atá sa phictiúr seo?
What's in this picture?
Cá bhfuil sé?
Where is it?
Cad atá ag dul san aer?
What's going into the air?
Cén dath atá ar an tírdhreach?
What color is the countryside?

4



| **a ceathair** | **number four** |
|---|---|
| nathair / nathracha | snake(s) |
| nathair shligreach | rattlesnake |
| contúirteach | dangerous |
| nimhneach | poisonous |
| patrún / patrúin | pattern(s) |
| drom | back |
| damhán alla | spider |
| damháin alla | spiders |

An bhfuil an nathair seo contúirteach?
Is this snake dangerous?
An bhfuil sé go hálainn?
Is it pretty?
An bhfuil eagla ort roimh nathracha?
Are you afraid of snakes?